Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2021
(OR. en)

11707/21

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0258(NLE)**

TRANS 534

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 11815/1/20 REV 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 10945/20 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus<br>- Glacadh |

## COMHTHÉACS AN TOGRA

1. An 18 Meán Fómhair 2020, chuir an Coimisiún an togra maidir leis an ábhar thuas faoi bhráid na Comhairle.

2. Le linn 2017, rinne an Coimisiún, bunaithe ar shainordú ón gComhairle, prótacal a chaibidil leis na seacht bPáirtí Chonarthacha[1] eile i gComhaontú Interbus lena leathnaítear raon feidhme an chomhaontaithe i dtreo iompar tráthrialta agus iompar tráthrialta speisialta de chóiste agus de bhus, lena ndírítear ar nós imeachta aonfhoirmeach údaraithe do línte idirnáisiúnta rialta faoi réir chur chun feidhme *acquis* an Aontais i réimse an iompair paisinéirí de bhóthar.

[1] Poblacht na hAlbáine, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Poblacht na Moldóive, Montainéagró, Poblacht na Macadóine Thuaidh, Poblacht na Tuirce, an Úcráin, Prionsacht Andóra (2020), an Ríocht Aontaithe (2021) agus an tSeirbia (2021). Dála an Aontais Eorpaigh, tháinig Comhaontú Interbus i bhfeidhm an 1 Eanáir 2003.

3. I mí Aibreáin 2019, tráth a ndeachaigh in éag an tréimhse chun an prótacal sin a shíniú, agus gan leordhóthain síniúchán bainte amach, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún an 18 Feabhra 2020 caibidlíocht bhreise a sheoladh chun athruithe teicniúla áirithe a dhéanamh ar théacs an phrótacail.[2] Le linn na caibidlíochta a lean, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le coiste speisialta na Comhairle gur chuir mionsonraí na n-athruithe teicniúla a comhaontaíodh leis na Páirtithe Conarthacha eile ar fáil dó i mí an Mheithimh 2020.[3] Go háirithe, ba ghá, chun go dtiocfadh an prótacal leasaithe i bhfeidhm, go ndéanfadh trí Pháirtí Chonarthacha Interbus (in ionad ceithre cinn díobh) an prótacal a thabhairt i gcrích nó a dhaingniú agus, dá bharr sin, níor mhór dhá bhliain a chur leis an tréimhse chun an prótacal leasaithe a shíniú, agus ghiorrófaí an tréimhse chun é a chur i bhfeidhm tar éis a dhaingnithe.

4. Tá sa Phrótacal na forálacha is gá chun Comhaontú Interbus a leathnú chun iompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus a chumhdach faoi nós imeachta uathúil údarúcháin. Is réamhriachtanas chun an Prótacal a shíniú agus a thabhairt i gcrích é aontachas roimh ré le Comhaontú Interbus.

5. Shínigh an tAontas Eorpach agus an Úcráin an Prótacal an 11 Feabhra 2021, agus shínigh Poblacht na Macadóine Thuaidh é an 9 Meán Fómhair 2021. Cé nach bhforáiltear leis an bPrótacal do chur i bhfeidhm sealadach, tiocfaidh sé i bhfeidhm ar an gcéad lá den mhí tar éis dhaingniú na dtrí pháirtí, lena n-áirítear an tAontas Eorpach.

**AN OBAIR LAISTIGH DEN CHOMHAIRLE**

6. Phléigh an Mheitheal um Iompar de Thalamh an togra, mar aon leis an togra maidir le síniú an Phrótacail a údarú, le linn cruinniú neamhfhoirmiúil an 6 Deireadh Fómhair 2020. Ba dhíol sásaimh i gcoitinne do na toscaireachtaí an tionscnamh, agus chuir cuid acu tuairimí teicniúla in iúl agus ardaíodh ceisteanna maidir le feidhmiú an phrótacail amach anseo. Mhol toscaireacht amháin gur cheart go gcuirfí, leis na forálacha maidir le comhpháirtíochtaí áitiúla, tíortha a thrasnaítear *en route* ar chomhchéim le tíortha ag pointí deiridh líne bus. Chuir ionadaí an Choimisiúin i dtreis nach amháin go méadódh an Prótacal raon feidhme Chomhaontú Interbus go mór, ach go dtairgfí leis an bprótacal an rogha thosaíochta freisin don chaidreamh a bheadh ann amach anseo i ndáil le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta paisinéirí idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe.

[2] Féach 5587/20+ADD 1.
[3] Féach 9072/20.

7. D’údaraigh an Chomhairle síniú an Phrótacail an 23 Deireadh Fómhair 2020[4] agus tháinig sí ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an dréacht-Chinneadh ón gComhairle, ag tabhairt treoir don Ardrúnaíocht é a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa le haghaidh toiliú[5].

**OBAIR I bPARLAIMINT NA hEORPA**

8. An 16 Samhain 2020, cheap an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht sa Pharlaimint Maria Grapini (S&D, an Rómáin) ina rapóirtéir.

9. An 6 Iúil 2021, thug an Pharlaimint a toiliú chun an Prótacal a thabhairt i gcrích.

**CONCLÚID**

10. I bhfianaise a bhfuil thuas, moltar go nglacfaidh an Chomhairle, faoi réir daingniú ó Choiste na mBuanionadaithe, ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, an Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú maidir le hiompar idirnáisiúnta ócáideach paisinéirí de chóiste agus de bhus (Comhaontú Interbus) maidir le hiompar tráthrialta idirnáisiúnta agus iompar tráthrialta speisialta paisinéirí de chóiste agus de bhus, mar a leagtar amach sa doiciméad a d’ullmhaigh na dlítheangeolaithe (11441/20).

11. Foilseofar téacs an Phrótacail (11442/20) in éineacht leis an gcinneadh sin. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir leis an gCinneadh ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.

---

[4] Féach IO L 385, 17.11.2020, lch. 1.
[5] Féach 11815/1/20 REV 1.